# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## AN TEASTAS SÓISEARACH

# SIOLLABAS UM LÉANN CLASAICEACH

# LÉANN CLASAICEACH

## 1. RÉASÚNÚ

Tá na haidhmeanna ginearálta céanna ag an ábhar, Léann Clasaiceach, is atá ag na teangacha clasaiceacha, sé sin, an t-eolas ar léann clasaiceach a éascú chomh fada is is féidir a leithéid a dhéanamh – ach, agus é sin ar siúl, cur chuige eile a chur i bhfeidhm. Is é an phríomh-aidhm a bheidh ag an mac léinn Laidne nó Gréigise ná staidéar a dhéanamh ar na teangacha clasaiceacha, an foinse is údarásaí agus is riachtanachaí a thagann ón domhan clasaiceach. De thoradh sin, caitheann an mac léinn an chuid is mó den am ag iarraidh príomh-aidhm na dteangacha a bhaint amach maidir leis an leitheoireacht agus an thuiscint. Ar an láimh eile, ní dhéanann an mac léinn um léann clasaiceach staidéar ar na teangacha clasaiceacha agus dá bhrí sin is féidir leis/léi bheith gafa sna réigiúin leathana neamhtheangacha den léann clasaiceach. Is é a bheidh sa bhfionnachtain sin ná staidéar ar na hoibreacha a bhain le seanlitearthacht, le seanstairiúil, le seandrámaíocht, le seanfhealsúnacht (i bhfoirm aistriúcháin) mar aon le inniúchadh a bhainfidh le gnéithe éagsúla maidir le ealaín chlasaiceach, le ailtireacht, le seandálaíocht, le sóisialach, le miotaseolaíocht agus le finscéal.

1.1 Dá dheasca an cur chuige sin sa Léann Clasaiceach, is féidir leis an mac léinn cuid mhaith (i bhfoirm aistriúcháin) den litearthacht chlasaiceach a léamh. Ní mar sin a bheidh sé i gcás an mhic léinn um theangacha clasaiceacha mar bíonn ar a leithéid de dhuine teoranta ar lion téacsanna clasaiceacha sna bunteangacha chun a bheith oilte sna hábhair.

1.2 Ina theannta sin, is féidir go mbeadh roinnt mac léinn ann nach mbeidh an inniúlacht iontu staidéar fiúntach a dhéanamh ar na teangacha clasaiceacha agus go soláthróidh Léann Clasaiceach bóthar eile chun eolas a bhailiú ar an domhan clasaiceach a bheadh bailí agus spreagthach.

1.3 Tá sé thar a bheith tábhachtach a mheabhrú go mbaineann staidéar ar ghnéithe Ghréagacha agus Rómhánacha le Léann Clasaiceach.

1.4 Déanfaidh an siollabas um Léann Clasaiceach na mic léann a ghríosadh go dearfach ar na teangacha clasaiceacha agus is féidir go mbeadh sé mar chúis amach anseo tosú ar na teangacha clasaiceacha a fhoghlaim, go mór mór, i gcás na mac léinn sin a mbeidh an domhan clasaiceach mar thoise tábhachtach ina bhforbairt oideachasúil agus intleachtúil.

1.5 Ag cur san áireamh a bhfuil ráite thuas, ba chóir a thabhairt faoi deara go mbeidh na gnéithe ar leith a leanas i gceist san ábhar, Léann Clasaiceach:-

- Tá oibreacha cháiliúla agus fealsúnachta tagtha chugainn ón ársaíocht chlasaiceach a thugann thuiscint dúinn ar raon leathan d'fhadhbanna agus de ghnéithe daonna a bhíonn mar ábhar crá dúinn fós
- Bíonn ard-uaisleacht ag baint le roinnt mhaith de na hoibreacha sin, cé go bhfuil rochtain orthu ag mic léinn an timthrialla shóisearaigh den scolaíochta iarbhunoideachais
- Bhí an-éifeacht ag ealaín agus ailtireacht chlasaiceach ar an ealaín, ar an ailtireacht agus ar an saol cathartha go ginearálta a tharla ina dhiaidh sin
- An domhan clasaiceach a léirítear sa litríocht, as bhfealsúnacht, san ealaín agus san ailtireacht, tá an buntáiste suntasach seo ag baint leis, sé sin, go bhfuil sé mar mhiocracasm soláimhsithe a fhrithchaitheann go háisiúil agus go riachtanach an tsochaí chasta atá linn faoi láthair
- Tugann Léann Clasaiceach dearcadh cuimsitheach iontuigthe dúinn ar ár dtraidisiúin chultúrtha atá ag borradh agus sa tslí sin déanann sé géarchúis spreagthach a thairiscint do mhic léinn i mbunú a gcuid intleachta agus i mbunú intleacht na sochaí

## 2 AIDHMEANNA

Is iad seo na haidhmeanna a bhaineann le siollabas an Teastais Shóisearaigh sa Léann clasaiceach:-

(i) chun a chur ar chumas na mac léinn eolas a fháil ar shibhíaltacht chlasaiceach agus í a mheas trí staidéar a dhéanamh ar an litríocht, drámaíocht, fealsúnacht, ealaín, ailtireacht, seandálaíocht, miotaseolaíocht agus finscéal, ar shaol sóisialta agus polaitíochta na Gréigíse agus na Róimhe

(ii) chun cabhrú le mic léinn an t-iompar agus na scileanna a fháil a bheidh riachtanach chun inniúchadh criticiúil ar shíbhialtacht na Gréige agus na Róimhe a chur i bhfeidhm a bheadh oiriúnach d'aois na mac léinn

(iii) chun a chur ar chumas na mac léinn a bheith feasach faoin chomhoidhreacht Eorpach a shíolraigh as sibhialtachtai na Gréige agus na Róimhe

(iv) ranníocaíocht shuntasach a dhéanamh chun leibhéal litearthachta ginearálta na mac léinn a fheabhsú sa teanga dhúchais

(v) ranníocaíocht shuntasach a dhéanamh i bhforbairt gnéithe cruthaitheacha na mac léinn trí éagsúlacht leathan d'ábhair ealaíonta den chéad scoth a chur os a gcomhair

(vi) chun an bealach isteach sa chlár Ardteistiméireachta san Léann Clasaiceach a dhéanamh simplí agus nádúrtha do na mic léinn

## 3 CUSPÓIRÍ AN CHÚRSA

Déanann na cuspóirí cúrsa na coincheapa, an t-eolas, na scileanna agus an dearcadh a liostú gur chóir do na maic léinn a fháil is a fhorbairt le linn an chúrsa seo sa Léann Clasaiceach.

### 3.1 Coincheapa

Déanfaidh na daltaí an tuiscint a fhorbairt ar na coincheapa a leanas le linn staidéara:-

(i) sibhialtacht agus chultúr;

(ii) tuairimí ag daltaí faoi sibhialtachtaí agus chultúir ar leith – iad san san anallód agus faoi láthair;

(iii) tuairimí maidir leis an Eoraip roimh an tionchar a bhí ag sibhialtacht na Gréige agus na Róimhe uirthi;

(iv) ar an ábhar sin, tuairimí ar réamhstair agus ar stair;

(v) dá bhrí sin, cróneolaíocht;

(vi) bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha faisnéise – tuairim ar fháisnéis go ginearálta i gcás rudaí a bhí ann cheana nó a tharla roimh ár saol feinigh e.g. maidir le cineál liteartha nó ailtireachta;

(vii) fhorbairt sibhialtachta agus chultúir – traidisiúin as béal, scríofa, ailtireachta agus ealaíonta;

(viii) na gnéithe sibhialtachta agus cultúir atá i bhfeidhm faoi láthair a léiríonn na taispeántaí ar a dtáinig borradh orthu níos déanaí;

(ix) de thoradh sin, feictear chomh tábhachtach is atá sé thuiscint a bheith againn ar na taispeántaí sibhialtachta agus chultúir a bhí i réim cheana chun go bhféadfaí pointe tosaithe dearfa a fháil le haghaidh fhionnachtain a dhéanamh ar ár saol faoi láthair;

(x) an cineál bunúsach agus fréamhaithe a bhaineann le miotas agus le finscéal sna chultúir ársa mar a mhaireann siad sa tsibhialtacht Cheilteach agus i sibhialtacht na Gréige agus na Róimhe.

3.2 Eolas

Gheobhaidh na daltaí –

(i) eolas ginearálta maith ar shibhialtacht na Gréige agus na Róimhe;

(ii) eolas beacht ar chúig réigiún ar leith de shibhialtacht na Gréige agus na Róimhe;

(iii) tusicint mhaith ar an staid stairiúil, cróneolaíocht ghinearálta san áireamh, a bhaineann leis an cúig réigiún ar leith faoi scrúdú;

(iv) thuiscint mhaith ghinearálta ar chonas mar a shíolraíonn ár sibhialtacht agus ár gcultúr ón domhan clasaiceach.

A NÓTÁIL: Déanfar achoimre i Mír 6.2 den siollabas seo ar an eolas a iarrfar ó mhic léinn sa chur síos gearr ar na deich dtéama atá leagtha síos agus tabharfar cur síos níos leithne ortthu in Aguisín B. De bhrí nach gá ach cúig théama a roghnú – dhá cheann ar bith ón mhír ghinearálta dar teideal AN DOMHAN GRÉAGACH agus dhá cheann ar bith ón mhír ghinearálta dar teideal AN DOMHAN RÓMHÁNACH, mar aon le téama sa bhreis as ceachtar den dá mhír sin – ní dhéanann an t-eolas luaite thuas ach tagairt do a leithéid d’eolas a éireoidh as staidéar a bheith déanta ar chúig cinn ar bith den teaglaim a luadh cheana.

3.3 Scileanna

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann scileanna ar leith a fhorbairt go uathoibríoch, mar a bhfuil a leanas, trí staidéar a dhéanamh ar an domhan clasaiceach mar atá leagtha síos sa siollabas:-

(i) an inniúlacht chun cumarsáid a dhéanamh as béal nó i scríbhinn ar na gnéithe sa domhan clasaiceach ar rinneadh staidéar orthu;

(ii) an inniúlacht chun cur síos beacht a dhéanamh – as béal nó i scríbhinn nó le léaráidí – ar ghnéithe ailtireachta, lámhdhéantúsáin agus fuílleach seandálaiochta, oibreacha ealaine san áireamh;

(iii) an inniúlacht chun scrúdú criticiúil agus éifeachtach a dhéanamh ar áiseanna radharcacha agus chun eolas a bhaint astu;

(iv) an inniúlacht chun comparáid a dhéanamh idir fhoinsí priomhúla (ábhar bunúsach) i.e. fuíll inscríbhinne agus liteartha, lámhdhéantúsáin agus gnéithe ailtireachta agus foinsi táinisteacha arb léiriú nua-aimseartha iad de ghnáth;

(v) an inniúlacht chun meas a bheith ar na difríochtaí idir shilbhialtacht na Gréige agus na Róimhe;

(vi) an inniúlacht chun na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir shilbhialtachtaí nua-aimseartha agus an tsilbhialtacht chlasaiceach a mheas.

3.4 Dearcadh

Ba chóir do na daltaí, iar staidéar a bheith déanta acu ar an siollabas seo, dearcadh ar leith a fhorbairt go nádúrtha mar a leanas:-

(i) a bheith claonta ar fhaisnéis phríomhúil a ghlacadh mar amhábhar riachtanach den domhan clasaiceach nach mór don mhac léinn a léirmhíniú go pearsanta;

(ii) meas a bheith ar na gnéithe uathúla a bhaineann le gach ré is sibhialtacht;

(iii) fonn a bheith ann chun taifeadh den ré chlasaiceach a fháiltiú go speisialta in a chuid taispeántaí éagsúla agus an riachtanas a mhothú chun é a chaomhnú agus a aistriú don ghiniúint sa todhchaí

(iv) a bheith feasach faoi agus meas a bheith ar an ranniocaíocht a rinne daoine éagsúla chun an pictiúr uile a chumadh laistigh den taifead seo den anallód i.e. an domhan clasaiceach a fheiceáil mar chomhtháthú de ranníocaíochtaí aonracha atá de shíor ag athrú agus ag fhorbairt laistigh dó féin.

4 STRUCHTÚR AN tSIOLLABAIS

4.1 Tá dhá chéim sa siollabas um Léann Clasaiceach:-

Céim I: cúrsa staidéar don chéad bhliain mar réamhrá ginearálta den domhan Clasaiceach. (féach Mir 6.1 le haghaidh bhreacrianú ar ábhar an tsiollabais)

Céim II: clár dhá bhliain ina ndéanfar staidéar domhain ar lion ar leith de théamaí tugtha ar a mbeidh an mheasúnacht bunaithe i scrúdú an Teastais Shóisearaigh.(Féach Mír 6.2 agus Aguisín B le haghaidh mionsonraí ar ábhar an tsiollabais.)

N.B. Ní dhéanfar scrúdú foirmiúil i measúnacht scoir na n-iarrthóiri ach ar na téamai atá liostaithe i Mír 6.2 (agus Aguisín B), i.e. Céim II, ach beidh na téamaí atá liostaithe i Mír6.1, i.e.Céim I, mar bhunú riachtanach do Chéim II agus sa tsli sin go leanfar ar aghaidh chun na téamaí ag an bpointe seo a fhréamhú.

4.2 Tá liosta déanta anseo de na trí chuid i gCéim I (An Chéad Bhliain) mar aon leis an méid ama a mholtar a chaitheamh ar gach cuid diobh;-

| | TÉAMA | AM |
|---|---|---|
| Cuid (i), | *Tíreolaíocht um Thíortha na Meánmhara anallód* | 4% |
| Cuid (ii), | *Miotais agus Finscéalta na Gréige Ársa* | 48% |
| Cuid (iii), | *An Domhan Rómhánach a Tharraingt Anuas* | 48% |

An ceathrú cuid de Chéim I, *Treoshuíomh Stairiúil*, ba chóir í a sní isteach sna na trí chuid eile, nuair is gá, agus ní cóir í a láimhseáil ina haonar. (Féach Mír 6.1, Cuid (iv), chun treoir a fháil ar iomlánú na coda seo)

4.3 Ba chóir an méid ama céanna, go ginearálta, i.e 20%, a dháileadh ar gach ceann de na cúig théama don dara agus don tríú bliain i Mír 6.2 ach ba chóir go mbeadh roinnt solúbachta san eagar sin e.g. chun an aibíocht níos mó a bhaineann le mic léinn sa tríú bliain a chur san áireamh.

## 5. NA LEIBHÉIL A IDIRDHEALÚ

5.1 Déantar an siollabas a thairiscint ag dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal.

5.2 Baineann creatlach chomónta leis an dá leibhéal sa siollabas. De thoradh sin, is féidir leis na mic léinn oibriú le chéile go dtí deireadh an timthrialla trí bliana.

5.3 Déanfar an dá leibhéal a idirdhealú sa mheasúnacht scoir trí chuid amháin – páirt (b) – i ngach téama acu a scrúdú, an scrúdú sin a bheith níos doimhne ar an bpáipéar Ardleibhéil.

## 6. ABHAR AN tSIOLLABAIS

A NÓTÁIL: Ba chóir do mhúinteoirí tagairt a dhéanamh don leabhrán, *Treoirlínte do Mhúinteoirí*, le haghaidh mholadh mionsonraíthe ar chonas na téamai atá liostaithe sa Mhir seo a láimhseáil. Tugann Aguisín B, atá lonnaithe ag deireadh an tsiollabais seo, roinnt sonraí ar na téamaí ainmnithe i gCéim II.

### 6.1 Céim I: Léann Clasaiceach i mBliain a hAon

Cuid (i): *Tíreolaíocht um Thíortha na Meánmhara Anallód*

- Láthair na n-ionad is tábhachtaí i.e. an Éigipt, an Chréit, Mycenae, Troy, an Phailistín, Carthage, an Aithin, Sparta, an Róimh

- Tráchtas gairid ar an tábhacht a bhain le láthair fisiceach na n-áiteanna chomh fada is a bhain lena bhforbairt mar lárionaid sibhialtachta

N.B. Ina theannta sin, ba chóir tagairt, chomhuaineach leis na codanna eile, a dhéanamh ag an bpointe seo do ghnéithe ábhartha na tíreolaíochta Meánmhara.

Cuid (ii); *Miotais agus Finscéalta na Gréige Ársa*

Ba chóir cúig cinn de na téamaí thíos a chuimsiú. Ba chóir feidhm a bhaint as scéalta chun a leithéid a mhúineadh. Ba chóir, mar sin féin, feidhm a bhaint as an scéal chun iniúchadh agus plé a dhéanamh ar na gnéithe eile de shibhialtacht na Gréige. Mar shampla, agus na téamai sin á múineadh, d’fhéadfaí láimhseáil chomhuaineach a dhéanamh, mas riachtanach agus iomchuí iad, ar ealaín, ailtireacht, litríocht, drámaíocht agus gnáthshaol na Gréige. Ina theannta sin, ba chóir naisc a bhunú, más féidir in aon chor é, le fionnachtana ailtirí nua-aimseartha mar Schliemann agus Evans.

N.B. Tugann Aguisín A treoir ar chonas cuid den téama i gCéim I a láimhseáil.

Seo thíos na téamaí:-

- Cnoc Olympus

- Laochra na Gréige anallód, Prometheus, Perseas, Heracles agus Jason san áireamh

- An scéal faoi Theseus

- An Timthriall Theban

- An scéal faoi theach Atreus agus faoi Chogadh na Traoi
- Filleadh na laochra Gréagacha ó Troy – (a) Agamemnon (b) Odysseus
- Athens a tharraingt anuas
- Aistear Aeneas – Troy → Carthage → An Róimh

Cuid (iii): *An Domhan Rómhánach a Tharraingt Anuas*

Sa chuid seo, ba chóir domhan na Róimhe a iniúchadh trí fheidhm a bhaint as fianaise dhinnseanchais, chuimhneacháin agus liteartha maidir leis an Róimh. Ba chóir cúig cinn de na téamaí a leanas a chuimsiú:-

(a) Bunú na Róimhe agus san áireamh

- an láthair thíreolaíochta
- na finscéalta bunaithe (Aeneas, Romulus agus Remus, Mars)
- fianaise na seandálaíochta
- na Tarquins (roinnt eolais ar na Etruscans)

(b) An carachtar Rómhánach, mar atá léirithe ag

- scéalta ar na laochra fadó mar Aeneas, Horatius, Mucius, Scaevola, Brutus, Coriolanus, Cincinnatus, Camillus agus Manilius
- scéalta ar mhná cáiliúla na Róimhe mar Lucretia, Tarpeia, Verginia, Cornelia, máthair na Cracchi
- scéalta ar phearsantachtaí suntasacha sa Phoblacht níos déanaí mar Quintas Fabius Maximus Cunctator, na Scipios, An Seanóir Cato, na Gracchi, Cato Óg, Pompey, Cicero agus Caesar

Ba chóir na smaointe *pietas* agus *gravitas* a tharraingt anuas agus a leiriú sa téama seo ag an leibhéal iomchuí.

(c) An Róimh mar phríomhchathair na hImpireachta agus san áireamh

- breacrianú ar an bhfás ó chathair go himpireacht
- tireaolaíocht na hImpireachta
- gabháltas Rómhánach e.g. an t-ionradh ar Ghaill nó ar Bhreatain
- an Pax Romana

- borradh ar an gCríostaíocht laistigh den Impireacht

(d) An reiligiún Rómhánach agus san áireamh

- déithe (um theaghlaigh, um phobal agus tuaithe)
- finscéalta ábhartha e.g. an scéal faoin Ri Nurma
- féilí
- íobairtí
- nósanna maidir le pósadh agus le adhlacadh
- tuairimí maidir leis an saol le teacht
- na Maighdeana Veisteacha

(e) An saol laethúil sa Róimh agus san áireamh

- an lion tí agus an teaghlach
- cóiríocht mhaireachtála (domus, insula, villa)
- foram, basilica, siopaí, ceirdeanna agus gairmeacha, airgead agus tráchtáil go ginearálta
- an roinnt aicmeach (patricians agus plebeians)
- pátrúin agus cliaint
- stádas na gcailíní agus na mban
- sclábhaithe sna bailte agus faoin tuath, Spartacus
- ranna an ama sa lá agus san oíche

(f) Oideachas Rómhánach agus san áireamh

- stádas na bpáistí
- bunoideachas, meánoideachas agus ardoideachas
- scoileanna, múinteoirí agus péidagóigigh
- ábhair theagaisc agus scriobhnóireachta
- an curaclam, staidéar ar Reitric

(g) An rialtas Rómhánach agus riaracháin agus san áireamh

- athrú ó mhonarcacht go dtí poblacht (an fadsaol a lean an Phoblacht Rómhánach a nótáil)
- an Seanad
- comhthionóil (comitia)
- giuistísí (consul, censor, praetor, deachtóir, treabhann na nDaoine)
- toghcháin
- an rialtas cúigeach agus riaracháin e.g. Verres, Pilate agus Pliny

(h) Siamsa agus áiseanna agus san áireamh

- amharclanna
- aimfitéatair
- uiscrianta
- folcadáin
- "panem et circenses"
- béilí agus bia

Cuid (iv) *Treoshuíomh Stairiúil*

Is tábhachtach an rud é go mbeadh mic léinn in ann téamai éagsúla an tsiollabais a mheas ina gceart bunaithe ar chúlra leathan stairiúil. Moltar mar sin go mba chóir an ghné stairiúil a thagairt ar bhonn leantach fad is a bheadh na téamaí á láimhseáil e.g. sonraí stairiúla a lonnú ar chairt bhalla ag na mic léinn fad is a bheadh na téamaí á gcuimsiú

6.2 <u>Céim II: Léann Clasaiceach sa Dara agus sa Tríú Bliain</u>

Tá deich dtéama sa chéim seo. Roghnaítear cúig cinn as an Domhan Gréagach agus cúig cinn as an Domhan Rómhánach. Beidh scrúdú an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na deich dtéama sin. Beidh cúig cinn acu le staidéar ag na mic léinn – <u>dhá cheann</u> as an Domhan Gréagach, <u>dhá cheann</u> as an Domhan Rómhánach, agus <u>téama amháin sa bhreis</u> as an Domhan Gréagach, é sin, nó as an Domhan Rómhánach.

Tá gach téama bunaithe ar staidéar na mbunfhoinsí a roghnaítear as eochair-réigiúin den domhan clasaiceach a mbainfidh claonadh ar leith le gach ceann acu e.g. fealsúnacht,

seandálaíocht, stairiúil agus mar sin de ach go mbeidh an cumadh orthu go bhféadfaí staidéar a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla eile, freisin. Déanfar a leithéid a léiriú sa chur síos atá ar fáil in Aguisín B den siollabas seo. Tugtar moladh sonraithe ar láimhseáil na dtéamaí sa leabhrán dar teideal *Treoirlinte do Mhúinteoirí.*

AN DOMHAN GRÉAGACH

Téama 1: Fraoch Achilles, bunaithe ar an *Iliad* le Homer, Leabhair I, VI, XVI, XXII, XXIV

Téama 2: An Ghréig agus an Pheirs, bunaithe ar léitheoireacht ábhartha *The Histories* of Herodotus

Téama 3: Saol agus Bás Socrates, bunaithe ar *The Apology, Crito* agus *Phaedo* Plato

Téama 4: Mycenae agus Troy, bunaithe ar sheandálaíocht agus ar fhinscéal an dá lárionad

Téama 5: An Acrapail Ataenach, bunaithe ar ealaín, ailtireacht, reiligiún agus stair na tréimhse inar tógadh an Acrapail.

AN DOMHAN RÓMHÁNACH

Téama 6: Tuairisc Aeneas, bunaithe ar an *Aeneid* le Virgil, Leabhair I, II, IV, VI.

Téama 7: Amharclann na Róimhe – Geandrámaíocht, bunaithe ar *The swaggering Soldier* le Plautus

Téama 8: Saol agus Ré Julius Caesar, bunaithe ar shaol Caesar le Plutarch

Téama 9: Cathair Rómhánach, bunaithe ar staidéar Pompeii

Téama 10: An tArm Rómhánach.

## 7. MEASÚNACHT

7.1 Déanfar aidhmeanna agus cuspóirí an ábhair, Léann Clasaiceach, a bhaint amach trí staidéar a dhéanamh ar an lion riachtanach de théamaí atá liostaithe i Mir 6.1 (don chéad bhliain) agus i Mír 6.2 (don dara agus tríú bliain).

7.2 Ní dhéanfar scrúdú foirmiúil ach ar na téamaí atá liostaithe i Mír 6.2 i measúnacht scoir na n-iarrthóirí, ach na téamaí atá liostaithe i Mír 6.1, tá siad mar bhunú riachtanach ar iad san i Mír 6.2 agus déanann siad na téamai sa mhír sin a threorú fós.

7.3 Déanfaidh measúnacht scoir ar na deich dtéama i Mír 6.2 scrúdú ar an eolas agus ar an tuiscint a fuarthas agus ar na scileanna agus an t-iompar a dhéantar a fhorbairt ag na téamai sin. Tá na riachtanais mionsonraithe le haghaidh na dtéamaí sin ar fáil in Aguisín B den siollabas seo.

7.4 Déanfaidh an mheasúnacht scoir inniúlacht na n-iarrthóirí a scrúdú chomh fada is a bhainfidh leis an eolas a fuarthas i staidéar na dtéamaí atá ainmnithe i Mír 6.2 agus beidh scóip acu leathnú amach chun freagraí cruthaitheacha a chur i láthair.

7.5 <u>Formáid na bPáipéar Scrúdaithe agus na hUaluithe Marcála</u>

Beidh dhá pháipéar scrúdaithe i gceist, ceann amháin ag an nGnáthleibhéal agus ceann amháin ag an Ardleibhéal agus dáilfear 400 marc mar iomlán ar gach páipéar acu.

Cuirfear ceisteanna ag gach leibhéal ar gach aon cheann den deich dtéama atá leagtha síos i Mír 6.2. Dáilfear 20% den mharc iomlán (i.e. 80 marc) ar gach téama. Iarrfar ar iarrthóirí tabhairt faoi chúig théama, agus gan níos mó ná sin, mar a léirítear i Mír 6.2.

Na ceisteanna a chuirfear ar gach téama i Mír (b), ní bheidh siad chomh deacair ar an bpáipéar Gnáthleibhéil is a bheidh siad ar an bpáipéar Ardleibhéil. Na ceisteanna a chuirfear ar gach téama i Míreanna (a) agus (c), beidh siad ar chomhchéim ag an dá leibhéal.

## AGUISÍN A

<u>Cuid de Théama i gCéim I a Láimhseáil (Siollabas na Chéad Bhliana)</u>

<u>Eiseamláir:</u> “An Scéal faoi Theach Atreus agus faoin Chogadh Traíoch”

Abair go bhfuiltear ag tosú ar an eachtra maidir le cinniúint Iphigenia a láimhseáil. Insíonn an múinteoir an scéal faoi mar a rinneadh Iphigenia a íobairt chun go bhféadfadh an cabhlach seoladh go Traí. D’fhéadfaí tagairt a dhéanamh do cheann amháin de na mórfhoinsí faoi deara an fhinscéil seo e.g brollach an dráma le Euripides dar teideal *Iphigenia i Tauris.* Tá an scéal chomh tógálach sin is go bhféadfaí plé leathan a thionscnamh go nádúrtha sa rang faoi phrionsabail ársa, iompair, nósanna, reiligiún agus

baothchreideamh. Ag éirí as a leithéid, is féidir roinnt gníomhaíochtaí a ghiniúint mar a leanas:-

> athchruthú radharcach samhlaíoch ar eachtra na hiobairte mar phictiúr nó mar cholláis – grúpa ag scríobh dráma ar an ábhar – an dráma sin á léiriú – grúpa ag déanamh mímeoireachta maidir leis an dráma – tionscadl simplí ar Mycenae nó ar Traí.

Sa deireadh thiar ba chóir don rang teacht le chéile chun fritoradh agus smaointe an ghrúpa agus an aonair i dtaobh an scéil a roinnt idir eatarthu.

<u>Leabhair a mholtar do mhúinteoirí:</u> *Mythology,* Edith Hamilton, Leabharlann Nua Meiriceánach, *Greek Myths,* Robert Graves, Penguin.

## AGUISÍN B

<u>Mionsonraí ar Théamaí Ainmnithe i gCéim II (Siollabs don Dara agus don Tríú Bliain)</u>

<u>A Nótáil:</u> Tugtar faisnéis ar fhoinse sa bhreis agus ar ábhar acmhainne sa leabhrán "T*reoirlínte do Mhúinteoirí*"

## AN DOMHAN GRÉAGACH

Téama 1: <u>Fraoch Achilles</u>

Ábhar Ainmnithe: *Iliad* le Homer, Leabhair I, VI, XVI, XXII, XXIV

Téacs: Aistriú le Rieu, <u>é sin, nó</u> le Hammond (araon ar fáil i Penguin Classics)

Sa téama seo, ba chóir na mic léinn, ar an gcéad dul síos, a ghríosadh chun an obair leagtha síos a léamh agus taithneamh a bhaint as mar litríocht.

Ina dhiaidh sin, beifear ag súil go ndéanfaidh na mic léinn déileáil leis na réigiúin a leanas ag an leibhéal iomchuí:-

> An seanchaí – filíocht as béal – 'an laoch' – an plota agus na mórcharachtair – na déithe agus agus an pháirt a ghlacann siad – roinnt tuisceana ar cad is cinniúint ann

Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh na mic léinn in eolas faoi scéal iomlán an *Iliad* agus faoin scéal iomlán den Chogadh Traíoch

Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- *Homer* (Inside the Ancient World Series), M. Thorpe,Bristol Classical press (1986)

Téama 2: An Ghréig agus An Pheirs: *The Histories*, Herodotus, Penguin Classics

nó

*The Persian Wars*, Herodotus, aistrithe ag William Shepherd, Cambridge University Press, 1982

N.B. Gach mír atá aistrithe sa téacs Shepherd nó na míreanna a chomhfhreagraíonn na míreanna sin san aistriú Penguin, tá siad leagtha síos – is é atá i gceist go fhírinne ná na caibidlí a dhéanann déileáil leis na cogadhaí idir na Gréagaigh agus na Péirsigh.

Sa téama seo, ba chóir an bhéim a chur ar an gcomparáid idir an cultúr Gréagach agus an cultúr Peirseach de réir mar a dhéanann an staraí Herodotus an cultúr sin a léiriú.

Beifear ag súil go ndéanfaidh na mic léinn déileáil leis na réigiúin a leanas ag an leibhéal iomchuí:-

> Herodotus mar staraí agus seanchaí, araon – tíreolaíocht na mór-réigiún a luaitear san ábhar ainmnithe – atá le fhoghlaim againn ó Herodotus ar na Gréagaigh agus ar na Peirsigh – muintear Athens agus Sparta de réir mar a dhéantar déileáil leo sa tráchtas (an bhéim á cur, ach go háirithe, ar an difríocht idir eatarthu) – na pearsantachtaí cháiliúla ar thaobh na Gréagach agus na Peirseach – na priomh-chathanna – an tábhacht a bhain le bua na Gréagach.

Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- Saolta Themistocles agus Aristides le Plutarch aistrithe sa *The Rise and Fall of Athens,* Penguin Classics, 1970; *Stories from Herodotus* (curtha in oiriúint agus aistrithe ag B. W. J. G. Wilson agus D. Miller, Oxford university Press, 1973; *Tales from Herodotus,* (edited by Farrell and Goff), Bristol Classical Press, 1983.

Téama 3: Saol agus Bás Socrates

Ábhar atá leagtha síos: *The Last Days of Socrates*, Plato, Penguin Classics. Iarrfar ar iarrthóirí an *Apology, Crito,* a léamh mar aon leis na túschaibidlí agus na caibidlí deireanacha den *Phaedo,* i.e. leathanaigh 45 – 96, 97 – 105, 178 – 183.

Tá sé mar aidhm ag an dtéama seo a bheith mar thionscnamh rochtana agus spreagtha do fhealsúnacht ársa na nGréagach a chuirfidh an bhéim ar an mhórdhuine Socrates agus an tionchar a bhi aige ar Athens sa chúigiú aois.

Beifear ag súil go mbeidh mic léinn eolach ag leibhéal iomchuí faoi na réigiúin a leanas:-

saol agus misean Socrates – an tuairim a bhí ag míreanna éagsúla den tsochaí Ataenach faoi – a mhodh fealsúnachta argóinte (dialectic) – a thriail agus a chosaint – a sheasamh maidir le phríosún – a thuairim ar an saol atá le teacht – a bhás.

Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- léitheoireacht as *The Clouds*, Aristophanes, Penguin Classics.

Téama 4: Mycenae agus Traí

Baineann an téama seo go bunúsach le iniúchadh ar sheandálaíocht agus ar fhinscéalta agus ar an soiléiriú a thugann siad ar a chéile. Ba chóir tabhairt faoin dtéama faoi na ceannteidil a leanas:-

(i) scéal an Chogaidh Traígh agus filleadh na laochra Mycenaean ar an nGréig

(ii) Heinrich Schliemann: a shaol – a dhíograis tosaigh ar son Homer – a chuid tochailte ag Traí, ag Mycenae agus ag Tiryns

(iii) Trai: shainaithint na láithreach – na leibhéil éagsúla mhaireachtála – fionnachtain 'Traí Phriam' – Traí VI agus Villa

(iv) Mycenae: uaigheanna stoic agus a bhfuil iontu (Uaighchiorcail A agus B) – tuamai tholos agus tuamai seomracha go ginearálta – Geata na Leon – na ballaí cosainte – leagadh amach na bpálás agus i gcás na bpálás Mycenae go ginearálta e.g. iad san ag Tiryns agus Pylos – an tábhacht a bhain le láthair thíreolaíochta Mycenae sa Ghréig Chré-Umhaoise

(v) saol Mycenae agus an tsochaí, mionsonraí ealaíonta agus míleata san áireamh – táibléid líneacha B

Cé go bhféadfaí ardcháil a dhíriú ag an leibhéal seo ar ghné na fionnachtana san tseandálaíocht is ánsa agus is mealltach do dhaoine, tá sé tábhachtach go mba chóir tosú a dhéanamh ar aire a thabhairt do na gnéithe eolaíocha agus praiticiúla a bhaineann le modhanna nua-aimseartha seandálaiochta a bhíonn gafa ar fhaisnéis a bhailiú agus a mhionscagadh go foighneach.

A nótáil: Tá samplaí de chriadóireacht Mycenae ar fáil san Iarsmalann Náisiúnta agus san Iarsmalann Chlasaiceach i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Léitheoireacht atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- sleachta ábhartha as *Iliad* agus *Odyssey* le Homer, Penguin Classics; léitheoireacht as *Agamemnon*, Aeschylus, Penguin Classics ( san imleabhar dar teideal *The Oresteian Trilogy*); *Mycenae*, M. Sargent, Aspects of greek life series, Longman; *In Search of the Trojan War*, M. Wood, B.B.C. Bogchlúdach, 1987.

Téama 5: An Acrapail Ataenach

Is é a bhí san Acrapail ná siombail do na hAtaenaigh a bhain le héilimh agus le éachtaí. Dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh sé mar thionscnamh ar an saol ealaíonta, ailtireachta, stairiúil, reiligiúnach, polaitiúil agus sóisialta na nAtaenach. Ba choir béim thar an ghnáth a cur ar an tréimhse Periclean. Ba chóir aire a thabhairt do na cultais agus do na finscéalta a bhain leis an Acrapail (mar atá léirithe san ealaín agus sa litriocht) i dtreo is go bhféadfadh na mic léinn smaointe a chumadh ar na barúla a bhí i réim san Ataen sa cúigiú aois agus sa tsli sin iarracht a dhéanamh thuiscint a bhunú ar an saol maireachtála san am. Tugann na hinscríbhinní a fuarthas san Acrapail soiléiriú ar ghnéithe maireachtála laethúla mar thuarastail, mar phraghasanna, mar eagar oibritheoirí, etc.

Ba chóir tabhairt faoin dtéama faoi na ceannteidil a leanas san ord is oiriúnai i dtuairim an mhúinteora:

(i) ionad na hAcrapaile i stair an Ataenaigh agus béim ar leith ar ionsai na Peirseach agus an fás dá thoradh sin ar Impireacht an Ataenaigh via Comhcheangal Delos

(ii) tionchar Pericles agus Pheidias i bhforbairt na hAcrapaile

(iii) leagadh amach an ionaid (tagairt d'amharclann Dionysus san áireamh)

(iv) an foirgneamh, ailtireacht agus ealaín (i.e. dealbhóireacht) an Parthenon, an Erechtheum, an Propylaea agus Teampall Athene Nike

(v) cultais reiligiúnacha, an Fhéile Panathenaic agus an finscéal maidir le Athene agus Poseidon

(vi) a tharla don Acrapail i ndeireadh thiar agus conas mar atá sí faoi láthair

A nótáil: Ba chóir a chur san áireamh na rudaí tábhachta de dhealbhóireacht ársa na nGréagach a fuarthas san Acrapail, go mór mór mar thionscadal ar láimhseáil na dealbhóireachta clasaicí den Acrapail

Léitheoireacht atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- *The Parthenon*, Susan Woodford, Cambridge University Press; léitheoireacht ábhartha as *The Histories*,

Herodocus, *The Rise and Fall of Athens*, Plutarch, *Guide to Greece*, Imleabhar I, Pausanias, (gach ceann acu ar fáil mar Penguin Classics)

## AN DOMHAN RÓMHÁNACH

Téama 6: Tuairisc Aeneas

Ábhar Ainmnithe: *Aeneid* le Virgil, Leabhair I, II, IV agus VI

Téacs: Aistriúchán sna Penguin Classics nó leagan iomchuí ar bith eile

Ba chóir tabhairt faoi Aeneas mar charachtar a inchollaíonn miotais agus stair, araon. Ba chóir, mar sin, an mac léinn a chur in eolas faoi na miotais agus na finscéalta a bhain leis an gcogadh Traíoch. Ba chóir iarracht de shaghas éigin a dhéanamh chun a thaispeáint gur laoch é Aeneas a rinne a dhícheal chun gach bac a shárú a bheadh i gcoinne mórchinniúna na Róimhe. Ba chóir roinnt comparáidi a dhéanamh idir misean Aeneas agus Augustus. Ba choir féachaint ar an tagairt do Aeneas san *Iliad* le Homer.

Beifear ag súil go ndéanfaidh na mic léinn déileáil le iad seo a leanas:-

Aeneas, an laoch eipiciúil – Aeneas an fear – tionchar na ndéithe ar ghnéithe Aneas – titim Traí – cuairt Aeneas ar Dido agus an toradh a bhi léi – an Sibyl Cumaean – an chuairt ar Ifreann – cinniúint na Róimhe – Augustus agus Virgil.

Ábhar sa bhreis (ach gan a bheith leagtha síos):- an tacar de shleamhnáin (leis an Lámhleabhar Múinteora ina theannta) a dhéanann scéal Dido agus Aeneas a thionlachain mar atá in Aonad V den Cambridge Latin Course ó Cambridge University Press.

Téama 7: <u>Amharclann na Róimhe – Geandrámaíocht</u>

Ábhar Ainmnithe:: *The Swaggering Soldier,* Plautus, ar fáil san imleabhar *The Pot of Gold and Other Plays,* Penguin Classics

Sa téama seo, ba chóir an dráma féin a lonnú mar phríomh-ghníomhaíocht agus bhainfidh na mic léinn an sásamh is mó as trí aisteoireacht a dhéanamh ar an dráma nó ar chuid de. Éireoidh gnéithe eile go nádúrtha as léiriú an dráma ar a n-áireofar eagar an stáitse Rómhánaigh, an úsáid as aghaidh fidil, an chuid ceolmhar, socrú maidir la <u>leataobhanna</u>. Sa tsli seo is féidir cuid mhaith den fhoghlaim a dhéanamh go phraiticiúil agus go neamhfhoirmiúil. Tá gnéithe eile i gceist d'fhéadfaí a scrúdú mar fhéilí Rómhánacha (ina rinneadh geandrámaíochtaí a léiriú), aisteoirí Rómhánacha agus a gcuid stádas, féachaint ar gheandrámaíocht Rómhánach mar shaol Rómhánach atá léirithe laistigh de ghnáis agus culaith Gréagach, saol Plautus, an bainisteoir drámadóra, ceol sa gheandrámaíocht Rómhánach, an tionchar a bhí ag an gheandrámaíocht Rómhánach ar an drámaíocht ina dhiaidh sin, Terence an drámadóir.

Beifear ag súil go ndéanfaidh mic léinn staidéar ar a bhfuil a leanas agus an dráma faoi scrúdú acu:-

> an brollach – an plota – gnáthcharachtair agus suímh – na Príomh-charachtair – mná a chur san áireamh – an sclábhaí sa gheandrámaíocht – móráltacht sa Plautus/

Ina theannta sin, iarrfar ar mhic léinn eolas bunúsach a bheith acu ar an struchtúr fisiceach a bhí ar an ghnáthamharclann Rómhánach, an stáitse san áireamh, an *scaenae frons* agus na heagair suiochán.

<u>Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos)</u>:- *Roman Commedy,* K. McLeish, Inside the Ancient World Series, Bristol Classical Press Paperbacks, 1986; scenes from *the Comedies of Terence,* Penguin Classics.

Téama 8: <u>Saol agus Ré Julius Caesar</u>

Ábhar Ainmnithe: Beathaisnéis Caesar le Plutarch, ar fáil i *The Fall of the Roman Republic,* Penguin Classics

Ba chóir féachaint ar Caesar mar shampla de phearsantacht fhíorshuimiúil agus neamhthrócaireach. Mar bhreis ar an mbeathaisnéis ainmnithe, moltar go ndéanfar tagairt do shaol Caesar le Suetonius (ar fáil i *The Twelve Caesars,* penguin Classics). Ba chóir béim níos mó a chur ar shaol pearsanta Caesar ná mar a

dtugtar de gnáth sa stair chaighdeánach. Ba chóir ag an am céanna é a lonnú go daingean i measc na ndaoine a mhair go comhuaineach leis, mar Marius, Sulla, Pompey, Crassus agus Cicero agus féachaint air mar shaighdiúr, mar státaire agus mar fhear na litríochta. Ba chóir mic léinn a chur ar a n-eolas faoi chuid de ghnéithe polaitiúla na Róimhe in aimsir Caesar, gnéithe a athraigh sé ó bhun go barr.

De thoradh saol Plutarch a léamh, d'fhéadfadh plé agus staidéar ar a bhfuil thíos éirí as: an *cursus honorum*, gnéithe den reiligiún Rómhánach, an Poblacht Rómhánach, comhaontas polaitiúil, cumhacht-pholaitíocht, an cúige Rómhánach dar teideal Gaul agus an Bhreatain, *clementia* Caesar.

Sa staidéar a bheadh déanta ar shaol Caesar, beifear ag súil go mbeadh mic léinn eolach faoi a bhfuil a leanas:-

> saol Caesar nuair a bhí sé óg le linn cinsealachta Marian – a réim faoi Sulla – a chuid oideachais – tosú ar an bpolaitíocht – a lua-ghairm mhileata – comhcheilg Catiline – Clodius – gobhairnóireacht Caesar ar Gaul agus a feachtas san áit – Caesar sa Bhreatain – an Chéad Triúracht – tosú an Choghaidh Chathartha – a dheachtóireacht – a fheallmharú – Caesar mar scríbhneoir.

Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- *Conquest of Gaul* agus *The Civil War* le Caesar, Penguin Classics.

Téama 9: Cathair Rómhánach – Pompeii

Is é atá i gceist sa téama seo ná gnáthshaol na Rómhánach i ngach aicme – sa saol príobháideach agus comhphobail - a chur faoi bhráid na mac léinn trí staidéar ar an ábhar atá fágtha dá gcuid tithe priobháideacha, foirgneamh pobal agus áiseanna. Ba chóir tagairt a dhéanamh don scéal um adhlacadh Pompey agus a athfhionnachtain mar aon leis an saibhreas ábhar a rinneadh a chaomhnú de thoradh bhrúchadh na bliana 79 A.D. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh, freisin, don saol sa Róimh nó i Ostia sa mhéid go raibh difriocht mhór idir é agus an saol i Pompeii. Beidh cuid mhór léirithe ag teastáil sa téama seo ar a n-áireofar sleamhnáin, léaráidí agus mapanna mar aon le feidhmiú as foinsi liteartha (mar shampla, litreacha Pliny ar an mbrúcadh, atá ar fáil sna Penguin Classics) agus fianaise ó aistriúcháin graffiti agus inscríbhinní.

Is é an cur chuige is fearr i gcás an téama seo ná déileáil leis an gcathair faoi na ceannteidil ghinearálta, Saol Baile agus Saol Poiblí.

Saol Baile: an teach Rómhánach, an struchtúr, an leagadh amach, an deisiúchán, an troscán, iad uile san áireamh – an teaghlach Rómhánach, beireatas, teacht in aois, pósadh, bás – reiligiún sa teaghlach – an chistin, cócaireacht, siopadóireacht agus béilí san áireamh – feisteas Rómhánach – tionchar na mban – oideachas – sclábhaithe sa teaghlach – an *paterfamilias*, a dhualgas poiblí agus a shaol sóisialta san áireamh

Saol Poiblí: (i) stair na cathrach, a bunú agus a forbairt san áireamh – a plean sráide agus a leagadh amach go ginearálta – a milleadh agus a athfhionnachtain – a suíomh tíreolaíochta

(ii) foirgnimh phoibli agus a n-úsáid, an fóram, an basilica, na teampaill, an aimfitéatar, na hamharclanna, na folcadáin agus an sholáthar uisce, Villa na nDúrúnta san áireamh – siopaí agus gairmeacha e.g. an báicéir, an t-úcaire, an t-ostóir – sochraidí, ionaid adhlactha, tuamaí agus clubanna adhlactha

Ba chóir roinnt suime a thabhairt do Herculaneum, go mór mór maidir lena cuid éagsúlachta mar chathair e.g. *insulae* i láthair inti agus an modh éagsúil inar rinne Vesuvius í a imchlúdú.

Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos):- Na leabhráin a leanas ar Aspects of Roman Life series, foilsithe ag Longman: *The Roman House, Roman Towns, Roman Sport and Entertainment, Roman Family Life, Roman Technology and Crafts, Roman Religion, Roman Archaeology*; sleamhnáin agus Lámhleabhar na Múinteoirí ag dul le Aonad 1 den Cambridge Latin Course, mar aon leis na haistí sna Céimeanna Mac Léinn den Aonad seo, ar fáil ó Cambridge University Press.

Téama 10: <u>An tArm Rómhánach</u>

Is é staidéar ar an Arm Rómhánach an aidhm atá leis an dtéama seo trí úsáid a bhaint as fianaise cháipéiseach (e.g. teastais scaoilte, inscríbhinní, léiriú ar Cholún Traíoch) agus as fianaise sheandálaíochta (e.g. staidéar ar dhún nó ar ionad campaí). Ba chóir léitheoireacht as foinsi liteartha a fheidhmiú chun an téama a léiriú (e.g. sleachta as scríbhinní Caesar agus as Josephus is Tacits, iad uile ar fáil sna Penguin Classics).

Ba chóir teacht ar an dtéama faoi na ceannteidil a leanas:-

(i) an saighdiúr léigiúnach – a fheisteas, a choisbheart, cathéide choirp agus airm, pá agus coinníollacha, ábhar bia

(ii) foslongfoirt agus daingne léigiúnacha

(iii) an t-arm ag troid – an struchtúr ceannais, smacht, *sacramentum*, caighdeáin. léigiúin, cohóirt, mainipilí agus ceantúirí, airtléire agus airm ionsaithe e.g. *testudo*, beartaíocht, tionchar ar Oibrithe poiblí e.g. bóithre a thógáil

(iv) an t-arm faoi mhairseáil – campaí máirseála, bagáiste, taiscealaíocht

(v) caithréim agus gártha, cathéide mháilleach chapaill agus fiestas, dámhachtainí curatachta agus creacha

(vi) sainoifigigh agus sainsaighdiúirí – *quaestors*, cléirigh phá, ceantúirí agus *optiones*, suirbhéirí, oifigigh ospidéil agus cúram ginearálta do na saighdiúirí gortaithe, cúntaigh, an garda uirbeach agus an garda praetóireach

(vii) reiligiún san arm

(viii) thuiscint ginearálta ar theorainneacha na hImpireachta e.g. Balla Hadrian, an fásach Sahara agus na haibhneacha móra – áiteanna in a raibh an bailiú ba mhó léigiún agus an fáth a bhí lena leithéid.

<u>Léitheoireacht sa bhreis atá molta (ach gan a bheith leagtha síos)</u>:- *The Roman Army*, Aspects of Roman Life Series, Peter Hodge, Longman; *The Roman Army*, John Wilkes, Cambridge University Press.